# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Scéim Mharcála

# GAEILGE

## Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2013

## Gaeilge (Bonnleibhéal)

**SCÉIM MHARCÁLA**

**CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)**

**Ceist 1 (14 mharc)**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Bainisteoir i siopa éadaigh = an tríú pictiúr | 7 marc |
| (b) | Haca a imirt | 7 marc |

**Ceist 2 (14 mharc)**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Innealtóireacht = an dara pictiúr | 7 marc |
| (b) | Uair sa mhí | 7 marc |

**Ceist 3 (8 marc)**

Ionad Sláinte = an ceathrú pictiúr — 8 marc

**Ceist 4 (8 marc)**

An bosca ag an mbarr ar dheis. (tic nó saighead) — 8 marc

**Ceist 5 (16 mharc)**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Tirim, grianmhar = an chéad phictiúr | 8 marc |
| (b) | €10 | 8 marc |

**Ceist 6 (20 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Ar an bpáirc imeartha | 10 marc |
| (b) | Dhá cheann | 10 marc |

**Ceist 7 (20 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Thit sé de chrann | 10 marc |
| (b) | Dréimire | 10 marc |

**Ceist 8 (20 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | San oifig thaistil | 10 marc |
| (b) | Saoire ar €300 | 10 marc |

## Cuid II : ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

**Ceist 1 Meaitseáil (40 marc)**

| **Uimhir an phictiúir** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Litir** | F | E | B | H | A | D | J | I | G | C |

10 x 4 mharc= 40 marc

**Ceist 2** Freagair do rogha dhá cheann de (a), (b), (c) anseo thíos. (50 marc)

(a) Litir (25 marc)

1. Cluain Tarbh 5 mharc
2. Inné 5 mharc
3. In oifig thaistil 5 mharc
4. Grád B 5 mharc
5. Ceadúnas tiomána 5 mharc

(b) Bróisiúr (25 marc)

1. Dún Garbhán 5 mharc
2. 1,000 5 mharc
3. Reilig an tSléibhe 5 mharc
4. Bia mara 5 mharc
5. Feabhra 5 mharc

(c) Scéal Nuachta (25 marc)

1. Iúil 5 mharc
2. 6 5 mharc
3. Ó dheas 5 mharc
4. Ar chósta Chonamara 5 mharc
5. Éire 5 mharc

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a) Alt (30 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ag múineadh | 6 mharc |
| 2. | 1991 | 6 mharc |
| 3. | Mad-Eye Moody | 6 mharc |
| 4. | In Éirinn *nó* i mBaile Átha Cliath | 6 mharc |
| 5. | An fhidil | 6 mharc |

**(b) Giota (30 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | An chláirseach | 6 mharc |
| 2. | Chun an ceol traidisiúnta a mhúineadh | |
| | agus a cheiliúradh | 6 mharc |
| | Chun an ceol traidisiúnta a mhúineadh | 6 mharc |
| | Chun an ceol traidisiúnta a cheiliúradh | 6 mharc |
| | Má fhágtar an focal traidisiúnta ar lár, pionós (-2 mharc) i gceist | |
| | "Ceol traidisiúnta" leis féin = 3 mharc | |
| 3. | An Muileann gCearr | 6 mharc |
| 4. | Ceardlanna | 6 mharc |
| 5. | Ar feadh naoi lá | 6 mharc |
| | ó mhaidin go hoíche | 4 mharc |

**(c) Véarsaí (30 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Báisteach | 6 mharc |
| 2. | Ar maidin | 6 mharc |
| 3. | Sruthán | 6 mharc |
| 4. | Buataisí | 6 mharc |

Glac leis an dá líne "Chuir mé orm mo bhuataisí

Is shiúil mé amach gan náire"

Iomarcach má thugtar an chéad trí líne den véarsa, pionós (-2 mharc)

Má scríobhtar amach Véarsa 3 ar fad, tá iomarcaíocht i gceist, pionós (-4 mharc)

| | | |
|---|---|---|
| 5. | Láib | 6 mharc |

## CUID II: ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)

*Comhairle speisialta faoi chumas, faoi chumarsáid, faoi chruinneas Gaeilge, faoi ábhar nach bhfuil 'ad rem' agus faoi ábhar neamhghnách.*

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht, smaointe, nuaíocht an iarrthóra a thuiscint.

Cumas Cumarsáide:

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh di / dó a chomhlíonadh.

Cruinneas Gaeilge:

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge.
(ii) Cruinneas gramadaí.
(iii) Foclóir - cruinneas agus oiriúnacht foclóra.
(iv) Litriú - cé go mbeadh sé seo san áireamh moltar gan an iomarca béime a chur ar an ngné seo ag an leibhéal seo.

Ábhar nach bhfuil 'ad rem':

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach fo-cheiste.

Ábhar Neamhghnách:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

**N.B.**: Ná glac le Béarla.

Má dhéantar an dá rogha, marcáil an dá cheann agus bronn an marc is airde. Cuir lúibíní cearnógacha thart ar an marc is ísle. Cuir an marc bronnta in aice le huimhir na ceiste.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

Cumas Cumarsáide = (30 marc)

= 40 marc

Cruinneas Gaeilge = (10 marc)

**4 (a) Fógra**

Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide = 30 marc

(i) Leagan Amach ……………………..... 1 mharc

Iarracht ar fhógra: Tic leis an bhfocal Fógra agus san imeall = 1 mharc

(ii) Treoracha ……………………………. 29 marc

Cuir tic le gach freagra do na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.

- Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8
- Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13
- Pictiúr 3 = 4 = 4
- Pictiúr 4 = 4 = 4

| | | |
|---|---|---|
| | CUM (30) | = 30 |
| Cruinneas Gaeilge | CR (10 ) | = 10 |
| | IOMLÁN | = 40 |

**Treoracha:**

**Pictiúr 1**
**Cén rud a bheidh ar siúl? (4 mharc)**

Glac le haon cheann de na himeachtaí seo a leanas: comórtas ceoil, ceolchoirm, ceoldráma, seó na scoile, seó tallainne, comórtas amhránaíochta, "X Factor", "The Voice".

**Cén áit a mbeidh sé? (4 mharc)**
Caithfidh áit chinnte a bheith luaite-halla na scoile, sa scoil, halla / óstán atá ainmnithe, i mbaile atá ainmnithe

Pionós (-1 mharc) i gcás ionad éiginnte, mar shampla,i halla,in óstán.

**Pictiúr 2**

**Cén lá? (4 mharc)**

Bronn 4 mharc ar aon lá ainmnithe: inniu, amárach, anocht, ag an deireadh seachtaine, gach Luan

Pionós (-1 mharc) má bhíonn an t-am mí-oiriúnach...inné, aréir, ar maidin, Dé Luain seo caite...

**Dáta? (3 mharc)**

Glac le figiúirí don dáta agus an mhí litrithe ar 4 mharc...12 Lúnasa, 1 Iúil...nó glac le raon dátaí, mar shampla, 14-17 Meitheamh

Bronn 2 mharc (Pionós (-1 mharc)) má bhíonn an dáta scríofa i bhfigiúirí amháin, mar shampla, 3/6/13

Má bhíonn an mhí litrithe ach gan dáta luaite, tá pionós (-1 mharc) i gceist, mar shampla, Márta, Meitheamh...

**Am? (3 mharc)**

**Samplaí:** a hocht a chlog, 8p.m., 4p.m.-6p.m., am lóin, meánlae

**Cead Isteach? (3 mharc)**

Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le cead isteach: Cead Isteach €5, cúig euro ag an doras, Ticéad €5

Méid airgid leis féin, Pionós (-1mharc) nó Pionós (-1 mharc) má fhágtar an focal euro nó an comhartha € ar lár.

**Pictiúr 3**

**Cén t-aoi speisialta? (4 mharc)**

Tá ionramháil ag teastáil anseo.

Samplaí: Aoi Speisialta - Niall Horan, beidh Niall Horan ann, Niall Horan ag canadh

Pionós (-1 mharc) i gcás ainm lom gan aon ionramháil.

Pionós (-1 mharc) más ainm mná atá luaite.

**Pictiúr 4**

**Cá rachaidh an t-airgead? (4 mharc)**

Ionramháil nó insint oiriúnach ag teastáil anseo, mar shampla

Airgead do Scoil Áine

Rachaidh an t-airgead go Scoil Áine

Ar son Scoil Áine

Comhartha (saighead) a chiallaíonn gur ar son Scoil Áine atá an ócáid.

Suimigh agus léirigh na marcanna don Chumas Cumarsáide.

**Cruinneas Gaeilge (10 marc)**

Bronn marc as 10 ar an gCruinneas Gaeilge san iarracht iomlán.

**Nó**

**4 (b) Litir**

Tasc → Litir a scríobh chuig cara bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**Cumas Cumarsáide (30 marc)**:

(i) Leagan Amach — 6 mharc

- Seoladh = 2 mharc
- Dáta (glac le figiúirí) = 1 mharc
- Beannú = 1 mharc
- Críoch / Slán = 2 mharc

(ii) Treoracha 24 marc

**Pictiúr 1** (Pointe **amháin** eolais faoin ospidéal) (3 mharc)

Samplaí: ainm an ospidéil, an cineál ospidéil (mór, beag, gnóthach...), an áit ina bhfuil an t-ospidéal suite, cur síos ar na hothair / ar an otharcharr / ar na cuairteoirí.

**Pictiúr 2** (**Trí** phointe eolais faoin obair a dhéanann tú san ospidéal)

(3 phointe ar 3 mharc an ceann = 9 marc)

Samplaí: Na cúraimí atá le déanamh agat san ospidéal, tuairimí faoin obair, cur síos ar an tuarastal, na huaireanta oibre, na laethanta a oibríonn tú.

**Pictiúr 3** (**Dhá** phointe eolais faoi na daoine a fheiceann tú san ospidéal)

(2 phointe ar 3 mharc an ceann = 6 mharc)

Samplaí: Glac le tagairtí do na daoine seo a leanas: na dochtúirí,na haltraí, na daoine breoite, na cuairteoirí, na hoibrithe eile san ospidéal, lucht an otharchairr, tuismitheoirí na n-othar, cuairteoirí cáiliúla.

**Pictiúr 4** (**Dhá** phointe eolais faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat)

(2 phointe ar 3 mharc an ceann = 6 mharc)

Glac le tagairtí cruinne do na rudaí atá soiléir ón bpictiúr.

Suimigh agus léirigh na marcanna don Chumas Cumarsáide.

**Cruinneas Gaeilge (10 marc)**

Bronn marc as 10 ar an gCruinneas Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú

| | | |
|---|---|---|
| Cumas Cumarsáide | CUM (30) | = 30 |
| Cruinneas Gaeilge | CR (10 ) | = 10 |
| | IOMLÁN | = 40 |

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b) **(50 marc)**

**5(a) Cuntas (50 marc)**

Cumas Cumarsáide = 37 marc

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris Na Scoile bunaithe ar

**"Oíche Speisialta sa Chlub Óige"** mar atá léirithe sa phictiúr.

Cumas Cumarsáide = 37 marc

- Níor mhór cúig thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hócáide.
- Cuir tic le gach tagairt atá inghlactha.
- Bain 5 mharc ar gach pointe atá in easnamh. M.sh. ($37\text{-}5_t = 32$) nó ($37\text{-}10_t = 27$) a léiriú.
- Déanfar an mharcáil don chumarsáid as an marc atá fágtha.
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá <u>timpeall</u> 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta: (mar shampla:- mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as 37 marc agus timpeall 50% a bhaint den mharc bronnta.)

Tá **cúig** thagairt ag teastáil. Cuirtear tic le gach tagairt inghlactha.

Glac leis na tagairtí seo:

A bheith i láthair ag an ócáid...an oíche / an t-am / an áit / daoine eile a bheith ann / costas / breithlá an chlub / na himeachtaí éagsúla atá ar siúl sa phictiúr / tagairtí don bhia / tuairim faoin oíche speisialta...

Samplaí den chóras marcála má bhíonn tagairt(í) in easnamh san iarracht.

60 focal san iarracht agus tagairt in easnamh ($37\text{-}5_t = 32$); Cum (32) = $27 - 9_f = 18$

45 focal san iarracht agus dhá thagairt in easnamh ($37\text{-}10_t = 27$); Cum (27) = $20 - 10_f = 10$

An Cruinneas Gaeilge a mheas as 13 mharc. CR(13) =7

| Suimigh na marcanna | CUM (32) = 27 – 9f | = 18 |
|---|---|---|
| | CR(13) | = 7 |
| | | 25 |

**Nó**

**5(b) Eachtra (50 marc)**

Cumas Cumarsáide = 37 marc

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Tasc → Scríobh faoi Eachtra a tharla **agus tú ag an Linn Snámha le do chara.**

**Cumas Cumarsáide (37 marc)**

- Bheadh tagairt amháin do gach aon phictiúr tábhachtach maraon le haon tagairt amháin eile le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra.
- Cuir tic le gach tagairt atá inghlactha.
- Bain 5 mharc ar gach pointe atá in easnamh.

  M.sh. ($37\text{-}5_t = 32$) nó ($37\text{-}10_t = 27$) ... a léiriú.
- Déanfar an mharcáil don chumarsáid as an marc atá fágtha.

- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.

- Ná glac le Béarla.

- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.

- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta: (mar shampla:- mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as 37 marc agus timpeall 50% a bhaint den mharc bronnta).

Tá **cúig** thagairt ag teastáil,ceann amháin do gach pictiúr agus ceann amháin eile.

Samplaí inghlactha ó na pictiúir éagsúla:

**Pictiúr 1**:

An áit,an linn snámha,na daoine agus na rudaí atá ar siúl acu,an aimsir,an timpeallacht

**Pictiúr 2**:

An eachtra a tharla don pháiste agus mar a chuaigh an eachtra i bhfeidhm ar na daoine eile / ar an madra sa phictiúr.

**Pictiúr 3**:

Mar a mhothaigh an páiste i ndiaidh na heachtra...mar a ghníomhaíonn na daoine eile i ndiaidh na heachtra.

**Pictiúr 4**:

Na rudaí a bhí ar siúl ag na daoine éagsúla sa phictiúr / an t-athrú a tháinig ar chúrsaí / ar an aimsir.

60 focal san iarracht agus tagairt in easnamh ($37-5_t = 32$); Cum (32) = $27 - 9_f = 18$

45 focal san iarracht agus dhá thagairt in easnamh ($37-10_t = 27$); Cum (27) = $20 - 10_f = 10$

An Cruinneas Gaeilge a mheas as 13 mharc. CR(13) = 7

Suimigh na marcanna mar atá léirithe i gcás cuid 5(a)

**Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin.
- Úsáid próiseálaí focal.
- Úsáid scríobhaí.
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach.

Sa chás go dtagann scrúdaitheoir cúnta trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socruithe réasúnta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di

- níor mhór don scrúdaitheoir cúnta a chur in iúl dá scrúdaitheoir comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici.

- caithfidh an scrúdaitheoir comhairleach a mhíniú don scrúdaitheoir cúnta go bhfuil gach gné den Scéim Mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh marcáil na scripte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh.

- míneoidh an scrúdaitheoir comhairleach don scrúdaitheoir cúnta go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an Scéim Mharcála á cur i bhfeidhm ag an scrúdaitheoir cúnta ina leithéid de chás faoi mar ba cheart.

**Ceist 4**

Má tá tarscaoileadh i gceist marcálfar Gaeilge as 4 agus ansin an céatadán cuí as 10 a bhronnadh.
Sampla:

Cum (30) = 19
* G (4) 3 = 8
27
=====

**Ceist 5**

Má tá tarscaoileadh i gceist marcálfar Gaeilge as 5 agus ansin an céatadán cuí as 13 a bhronnadh.
Sampla:

Cum (37) = 23
* G (5) 4 = 10
33
=====

## CLUASTUISCINT

**Ceist a hAon (Canúint Chonnacht)**

Is mise Niamh Ní Mhurchú. Is bainisteoir mé i siopa éadaigh anseo i Luimneach. Is breá liom éadaí faiseanta. Tar éis dom an scoil a fhágáil rinne mé cúrsa faisin i nGaillimh ar feadh trí bliana. Téim thar lear go minic go dtí an Iodáil ag ceannach éadaí don siopa. Tá díol maith ar na héadaí agus tagann custaiméirí chugainn ó chian is ó chóngar ag lorg an fhaisin is déanaí. Níl ach míbhuntáiste amháin ag baint leis an bpost seo: ní bhíonn mo dhóthain ama agam don chaitheamh aimsire is fearr liom – haca a imirt le mo chairde san ionad spóirt.

**Ceist a Dó (Canúint na Mumhan)**

Haigh. Pádraig Ó Dálaigh anseo. Is mac léinn ollscoile i gCorcaigh mé. Tá cúrsa innealtóireachta á dhéanamh agam. Tá mé sa tríú bliain anois. Caithimid dhá lá sa tseachtain ar obair phraiticiúil amuigh faoin aer. Is breá liom sin mar is fuath liom a bheith istigh ag staidéar. Ag an deireadh seachtaine, téim chuig dioscó anseo sa choláiste. Téim abhaile uair sa mhí go dtí m'áit dúchais in iarthar Chiarraí. An bhliain seo chugainn beidh mé cáilithe agus rachaidh mé go dtí an Astráil go ceann bliana.

**Ceist a Trí (Canúint Uladh)**

Fear: Gabh mo leithscéal, ach an bhfuil a fhios agat cá bhfuil an t-ionad sláinte. Tá mo mhac tar éis éirí tinn sa charr.

Bean: An t-ionad sláinte? Ó, tá gan dabht. Cas timpeall agus téigh siar thar an ngaráiste chomh fada le himeall an bhaile. Feicfidh tú halla an bhaile ar thaobh na láimhe clé agus tá an t-ionad sláinte in aice leis an halla. Ach brostaigh, imíonn an dochtúir ar a ceathair gach lá.

Fear: Go raibh míle maith agat.

**Ceist a Ceathair (Canúint Chonnacht)**

Ar an tSráid:

Bean: Heileo. An bhféadfá a insint dom, le do thoil cá bhfuil siopa an táilliúra sa bhaile seo?

Fear: Cinnte, a bhean uasail. Níl tú ró-fhada uaidh in aon chor. Lean ort díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta. Cas ar dheis ansin ag na soilse, téigh thar an óstán agus cas ar clé. Tá siopa beag ag an táilliúr is fearr in Éirinn ag barr na sráide sin ar thaobh na láimhe clé.

Bean: Díreach ar aghaidh go dtí na soilse. Ar dheis ansin agus ar clé tar éis an óstáin. Go raibh míle maith agat. Slán.

**Ceist a Cúig (Canúint na Mumhan)**

An Príomhoide ag caint:

Beidh Comórtas Lúthchleasaíochta na Scoileanna ar siúl i bPort Laoise amárach. Beidh an aimsir tirim grianmhar an lá ar fad. Bígí cúramach agus cuirigí ola ghréine oraibh sula dtéann sibh amach. Beidh an bus ag fágáil na scoile ar a hocht a chlog maidin amárach agus ag filleadh chun na scoile ar a seacht. Ná bígí déanach agus ná déanaigí dearmad ar tháille an bhus, deich euro. Ádh mór ar gach duine amárach.

**Ceist a Sé (Canúint na Mumhan)**

Seán: Haigh, a Chiara, ní fhaca mé thú sa rang Mata, tráthnóna inné. An raibh tú as láthair?

Ciara: Bhí mé ar scoil ach ní raibh mé sa rang.

Seán : Cá raibh tú mar sin? San oifig? Nó b'fhéidir sa seomra ealaíne?

Ciara: Ní hea. Bhí mé amuigh ar an bpáirc imeartha. Bhí peil ghaelach ar siúl ag na cailíní i mbliain a trí. Bhí mé i mo réiteoir ar an gcluiche.

Seán: Inis dom, an raibh an cluiche go maith?

Ciara: Bhí, gan dabht. Bhí scileanna iontacha ag na cailíní agus bhí an cluiche ar fheabhas.

Seán: Agus cogar, ar bhronn tú cárta dearg ar aon duine?

Ciara: Níor bhronn. Ní bhíonn cailíní garbh mar a bhíonn buachaillí. Ach bhí orm dhá chárta bhuí a thabhairt amach.

Seán: Dhá cheann? Caithfidh gur chuir rud éigin fearg ort.

Ciara: Chuir. Thug mé cic pionóis do thaobh amháin agus thosaigh an cúl báire agus an captaen ag argóint liom faoi. Ní raibh an dara rogha agam ach an cárta buí a thaispeáint don bheirt acu. Deirimse leat go raibh siad ciúin ina dhiaidh sin!

Seán: Maith thú. Mar a deir an seanfhocal “ní bhíonn an rath ach mar a mbíonn an smacht”.

**Ceist a Seacht (Canúint Uladh)**

Ar an tsráid:

Síle: A Liam, an tusa atá ann agus plástar ar do chos? Céard a tharla duit?

Liam: Timpiste, a Shíle, agus an milleán ar fad orm féin.

Síle: Ag imirt rugbaí, an ea?

Liam: Ní hea, a Shíle. D’éirigh mé as an rugbaí bliain ó shin.

Síle: Ná habair gur thit tú den ghluaisrothar mar sin.

Liam: Ní hea, a Shíle. Thit mé den chrann ag bun an ghairdín.

Síle: Cén fáth a raibh tusa thuas sa chrann, a Liam?

Liam: Bhí na páistí sa teach in aice linn ag imirt peile agus chuaigh an liathróid i bhfostú i mbarr an chrainn. D’iarr siad orm í a fháil. Chuaigh mé suas gan stró. Chaith mé an liathróid síos chucu ach sciorr mé agus thit mé síos go trom.

Síle: Agus cá ndeachaigh tú ansin?

Liam: Chuaigh mé go dtí an t-ospidéal san otharcharr.

Síle: Agus inis dom, a Liam, cén fáth a gcuireann tú an milleán ort féin?

Liam: Bhí dréimire sa gharáiste an t-am ar fad ach níor smaoinigh mé ar é a úsáid.

Síle: Bhuel, ar aon nós, níor thit tú ar do cheann. Seo, tar abhaile liomsa agus cabhraigh liom an obair bhaile a dhéanamh. Tabharfaidh mo Dhaid síob abhaile duit tar éis an tae.

**Ceist a hOcht (Canúint Chonnacht)**

Ar an teileafón.

Sorcha: Haigh, a Mhaidhc, Sorcha anseo. ’Bhfuil nóiméad agat?

Maidhc: Tá, a Shorcha. Cén scéal?

Sorcha: Dea-scéal, a Mhaidhc. Tá mé ag eagrú saoire sa Spáinn dár gcairde tar éis na scrúduithe sa samhradh. Bhí mé san oifig thaistil ar an Satharn.

Maidhc: Agus …?

Sorcha: Bhuel, tá beagnach gach rud eagraithe cheana féin. Ní chosnóidh sé ach ceithre chéad euro an duine chun dul go dtí an Spáinn ar feadh seachtaine ag tús mhí Iúil. Beidh ceathrar againn i ngach árasán agus má théann dáréag, beidh turas saor in aisce ag duine amháin againn. Ach caithfidh tusa cabhrú liom.

Maidhc: Cén chabhair atá uait? Cad is féidir liomsa a dhéanamh, a Shorcha?

Sorcha: Caithfidh tusa an t-airgead go léir a bhailiú ó gach duine, a Mhaidhc. An gcabhróidh tú liom?

Maidhc: Cabhróidh mé leat cinnte, ach ar aon choinníoll amháin. Má bhailím an t-airgead ar fad caithfidh mise an turas saor in aisce a fháil.

Sorcha: A Mhaidhc! An ag magadh fúm atá tú? Ní féidir liom saoire a thabhairt duit saor in aisce, ach beidh mé sásta í a thabhairt duit ar thrí chéad euro. An bhfuil margadh againn?

Maidhc: Tá margadh againn. Saoire sa Spáinn ar thrí chéad euro. Sin margadh maith!

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán